# Clár na dToghthóirí

## Clárú chun vóta a chaitheamh nó sonraí a nuashonrú

**Tá sé níos éasca ar líne!**

Is ar líne an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó chun do chuid sonraí a nuashonrú.

**www.seiceáilanclár.ie**

Chun d'iarratas a phróiseáil, caithfimid roinnt faisnéis phearsanta a bhailiú uait.
Deirimid leat cén chaoi agus cén fáth a n-úsáidimid d'fhaisnéis phearsanta ar leathanach 3 agus 4.
Léigh an fhaisnéis seo le do thoil chun cabhrú leat an fhoirm a líonadh amach.

**Líon an fhoirm seo amach le do thoil i mBLOCLITREACHA**

## 1 Do shonraí

Céadainm

Sloinne

Ainm roimhe seo (más iomchuí) — Má bhí tú cláraithe roimhe seo ach tá d'ainm athraithe agat ó shin.

Uimhir PSP — Muna bhfuil Uimhir PSP agat, déan leathanach 2 a chomhlánú.

Dáta breithe L L M M B B B B — Is féidir leat an fhoirm seo a chomhlánú ó 16 bliain d'aois ar aghaidh ach caithfidh tú a bheith 18 chun vóta a chaitheamh.

Uimhir fóin

Seoladh ríomhphoist

Náisiúntacht

Náisiúntacht roimhe seo (más iomchuí) — Más ag uasdátú do náisiúntachta atá tú, scríobh síos do náisiúntacht roimhe seo agus cuir fótachóip de do phas nua (ar an leathanach leis an bhfótagraf) nó cóip de do theastas eadóirsithe leis.

Seoladh baile — D'áit chónaithe anois.

Éirchód

Seoladh baile roimhe seo (más iomchuí) — Má bhí tú cláraithe roimhe seo ach tá do sheoladh baile athraithe agat ó shin.

Éirchód

## 2 Sínigh anseo agus cuir sa phost chuig d'údarás áitiúil é

Creidim chomh fada agus is eol dom go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam:

- fíor,
- agus iomlán.

Tuigim gur coir dhlíthiúil é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach d'údarás áitiúil.

Síniú

Dáta L L M M B B B B

# Muna bhfuil Uimhir PSP tugtha agat

Muna bhfuil Uimhir PSP tugtha agat, nó muna féidir le d'údarás áitiúil d'Uimhir PSP a mheaitseáil, tabhair an fhoirm seo agus aitheantas fótagrafach go dtí stáisiún áitiúil an Gharda Síochána nó d'údarás áitiúil. Fan leis an leathanach seo a shíniú go dtí go mbeidh tú le ball den Gharda Síochána nó le ball d'fhoireann sibhialtach an Gharda Síochána nó le hoifigeach d'údarás áitiúil. Seiceálfaidh siad do cháipéis aitheantais. Má tá siad sásta leis, deimhneoidh siad d'aitheantas agus feicfidh siad thú agus tú ag síniú na foirme seo. Is finné iad.

Muna féidir leat dul go stáisiún áitiúil an Gharda Síochána nó go húdarás áitiúil de bharr breoiteachta nó míchumais, caithfidh lia-chleachtóir cláraithe d'fhoirm a dheimhniú.

## Sonraí an fhinné

**Nóta don fhinné:** Caithfidh tú an chuid seo a líonadh sa chás nach dtugann iarratasóir Uimhir PSP ar leathanach 1 nó sa chás nach féidir le húdarás áitiúil sonraí an Uimhir PSP a dheimhniú. Líon amach an leathanach seo chun aitheantas an iarratasóra a dheimhniú. Beidh ort a n-aitheantas fótagrafach a sheiceáil. Mura bhfuil an t-iarratasóir in ann dul chuig staisiún áitiúil an Gharda Síochána nó údarás áitiúil mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas, ní mór an fhoirm seo a bheith deimhnithe ag lia-chleachtóir cláraithe, mar shampla lia-chleachtóir ginearálta (GP).

**Cuir tic más iomchuí**

- ☐ Tá an fhoirm seo á fianú ag stáisiún áitiúil **Garda** an iarratasóra.
- ☐ Tá an fhoirm seo á fianú **ag údarás áitiúil** an iarratasóra.
- ☐ Tá sonraí na foirme seo á ndeimhniú ag **lia-chleachtóir cláraithe, mar shampla GP.**

Ainm iomlán an fhinné

Gairm an fhinné

Seoladh oibre an fhinné

Éirchód

Stampa

Más stáisiún na nGardaí / údarás áitiúil atá ann

Uimhir fóin an fhinné

Uimhir Chomhairle na nDochtúirí Leighis (más iomchuí)

## Má táthar ag fianú i stáisiún na nGardaí nó ag údarás áitiúil

Dearbhaím, ______ , go bhfuilim sásta gurb é ______ an duine atá ag déanamh an iarratais seo agus go bhfuil an fhoirm seo sínithe acu i mo láthair.

## Deimhniú ó lia-chleachtóir cláraithe

Dearbhaím, ______ , gurb é/í ______ an duine atá ag déanamh an iarratais seo agus nach bhfuil sé/sí in ann freastal ar stáisiún áitiúil an Gharda Síochána nó údarás áitiúil chun an fhoirm seo a fhianú agus a shíniú mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas.

## Síniú agus dátaí

Síniú an iarratasóra ______ Dáta L L M M B B B B

Síniú an fhinné ______ Dáta L L M M B B B B

# Faisnéis agus treoir chun an fhoirm seo a líonadh isteach

## Conas clárú chun vóta a chaitheamh nó do shonraí a uasdátú

Is é an bealach is éasca duit clárú le vótáil nó do shonraí a nuashonrú ná ar líne ag **www.seiceáilanclár.ie**

Is féidir leat **www.seiceáilanclár.ie** a úsáid chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- seiceáil an bhfuil tú cláraithe cheana féin;
- clárú chun vóta a chaitheamh;
- do thaifead reatha a chomhlánú le sonraí ar nós Uimhir PSP, dáta breithe agus Éirchód; nó aon
- athruithe a dhéanamh ar d'ainm nó ar do sheoladh.

Is féidir leat an fhoirm seo a úsáid d'aon ní thuasluaite agus **caithfidh tú í a úsáid sna cásanna seo a leanas:**

- muna bhfuil Uimhir PSP tugtha agat;
- má iarrann d'údarás áitiúil ort í a úsáid; agus nó/más
- mian leat do chuid faisnéise naisiúntachta a nuashonrú.

## Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh caithfidh tú a bheith ar an gclár toghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta ó d'údarás áitiúil (d'ainm, seoladh baile, dáta breithe, Uimhir PSP agus náisiúntacht san áireamh) chun d'iarratas a phróiseáil chun tú a chlárú chun vóta a chaitheamh nó athruithe a dhéanamh ar thaifead reatha.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdaráis áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do shonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- ní chláraítear ach daoine incháilithe chun vóta a chaitheamh,
- coinnítear an clár cothrom le dáta,
- agus níl aon duine ar an gclár faoi dhó ná níl sonraí míchearta aige.

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghchánach, 2022.

## Do shonraí agus an fáth a n-iarraimid orthu iad

Faoin dlí, féadfaidh údaráis áitiúla aon fhaisnéis atá uathu a iarraidh chun a chinntiú go bhfuil an clár toghthóirí cruinn agus iomlán.

| | |
|---|---|
| **Ainm roimhe seo** | Má bhí tú cláraithe roimhe seo, cabhróidh d'ainm roimhe seo linn do thaifead a aimsiú agus a nuashonrú. |
| **Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)** | Má thugann tú d'UPSP dúinn, féadfaimid seiceáil bhunúsach a dhéanamh chun do shonraí aitheantais a dheimhniú agus sláine an chláir a chosaint. Ní fheicfear UPSP ar an gclár. Muna dtugann tú UPSP, beidh ort leathanach 2 den fhoirm seo a chomhlánú agus beidh ar fhinné d'aitheantas a dheimhniú. |
| **Dáta breithe** | Tá do dháta breithe ag teastáil uainn chun a dheimhniú go bhfuil tú incháilithe chun vóta a chaitheamh. Is féidir leat an fhoirm a chomhlánú ar mhaithe le réamhchlárú ó 16 bliana d'aois ach ní mór duit a bheith 18 mbliana d'aois chun vóta a chaitheamh. |
| **Uimhir fóin agus seoladh ríomhphoist** | Má thugann tú d'uimhir fóin agus/nó seoladh ríomhphoist, is féidir le d'údarás áitiúil dul i dteagmháil leat maidir le d'fhaisnéis go tapa agus go héasca más gá. |

| | | |
|---|---|---|
| **Sonraí náisiúntachta** | Tá do náisiúntacht ag teastáil chun a dhearbhú cén toghcháin a bhfuil tú incháilithe le vóta a chaitheamh iontu: | |
| | Má thiteann tú faoi na náisiúntachtaí seo a leanas: | Is féidir leat vóta a chaitheamh sna toghcháin seo a leanas: |
| | Saoránach Éireannach | Gach toghchán agus reifreann |
| | Saoránach AE | Toghcháin áitiúla agus toghcháin na hEorpa |
| | Saoránach RA | Toghcháin áitiúla agus toghcháin na Dála |
| | Eile | Toghcháin áitiúla |
| **Náisiúntacht roimhe seo** | Má athraíonn tú do náisiúntacht, féadfaidh sé cur isteach ar na himeachtaí toghcháin ar féidir leat vóta a chaitheamh iontu. Beidh ort fianaise a thabhairt maidir leis an athrú amhail fótachóip de do phas nua (ar an leathanach leis an bhfótagraf) nó teastas eadóirsithe. | |
| **Seoladh baile agus Éirchód** | Tá gá le do sheoladh baile toisc go bhfuil tionchar aige ar cén áit a chaithfidh tú vóta. Cabhraíonn d'Éirchód linn do sheoladh baile a aithint go cruinn. Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith i do chónaí go lánaimseartha ag seoladh baile sa Stát. | |

# Faisnéis agus treoir chun an fhoirm seo a líonadh isteach

## An fhoirm a fhianú

Níl finné nó deimhniú uait do d'fhoirm ach murar thug tú UPSP nó má iarrann d'údarás áitiúil dó sa chás nach féidir leo do shonraí a dheimhniú.

Sa chuid is mó de na cásanna sin, is éard is ciall leis ná dul go dtí stáisiún áitiúil an Gharda Síochána nó go dtí d'údarás áitiúil leis an bhfoirm. Tabhair aitheantas fótagrafach leat. D'fhéadfaí do phas nó ceadúnas tiomána a úsáid mar aitheantas, mar shampla. Beidh ort an fhoirm a shíniú i láthair ball den Gharda Síochána nó ball d'fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána nó ball foirne de chuid d'údarás áitiúil.

Má tá breoiteacht nó míchumas ort a chuireann cosc ort dul chuig stáisiún áitiúil an Gharda Síochána nó chuig d'údarás áitiúil chun d'aitheantas a dheimhniú, beidh ar lia-chleachtóir cláraithe d'fhoirm a dheimhniú, dochtúir ginearálta (GP) mar shampla.

## Sula seolann tú d'fhoirm

**Cuimhnigh:**

- ✔ An fhoirm a shíniú ar:
  - leathanach 1; **agus**
- ✔ - leathanach 2 muna bhfuil UPSP tugtha agat.
- ✔ Finné a fháil do d'fhoirm mura bhfuil UPSP tugtha agat.
- ✔ Má tá sonraí faoi do náisiúntacht á nuashonrú agat, cuir fótachóip de do phas nua (ar an leathanach leis an bhfótagraf) nó teastas eadóirsithe faoi iamh.

## Cén áit le d'fhoirm a sheoladh

Seol d'fhoirm mar aon le haon fhaisnéis eile a theastaíonn chuig d'údarás áitiúil. Ar an gclúdach litreach, scríobh 'Clár Toghthóirí' agus seoladh baile an údaráis áitiúil iomchuí. Is féidir leat é a chur sa phost le stampa caighdeánach.

## An dáta is déanaí chun iarratais a fháil

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chlárú nó do shonraí a uasdátú am ar bith. Mar sin féin, i gcás inar glaodh toghchán nó reifreann go foirmiúil, is é an dáta is déanaí chun iarratais a fháil ná **15 lá roimh an imeacht toghchánach sin**. Ní áirítear an Domhnach, laethanta saoire poiblí agus Aoine an Chéasta mar laethanta chun na críche sin.

Mura bhfaigheann d'údarás áitiúil d'fhoirm in am, ní féidir leis í a bhreithniú don toghchán nó don reifreann sin.

Tá spriocdhátaí éagsúla i bhfeidhm más mian leat iarratas a dhéanamh ar vóta poist nó a bheith curtha ar an liosta vótálaithe speisialta. Is féidir leat iad seo a fháil ar na foirmeacha ábhartha nó ar **www.seiceáilanclár.ie**

## Foirmeacha eile

Tá roinnt foirmeacha eile ar fáil má chomhlíonann tú sainriachtanais áirithe.

Áirítear leo sin:

- foirm le clárú gan ainm má tá imní ort faoi do shábháilteacht nó faoi shábháilteacht duine de do theaghlach;
- murar féidir leat dul chuig do stáisiún vótaíochta ar lá na vótála, ar chúiseanna sonraithe áirithe (mar shampla, mar gheall ar bhreoiteacht nó do shlí bheatha).

Seiceáil **www.seiceáilanclár.ie** le haghaidh liosta iomlán na bhfoirmeacha agus na riachtanas nó téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

## Tuilleadh eolais

Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

Is féidir leat seoladh d'údarás áitiúil a chuardach ar líne nó fiafraí ar d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.